

V. Foraitheanta ó chomhaltaí an Rialtais

**Foraithne BM Uimh. 44/2025 an 4 Samhain ón Aire Gnóthaí Baile
lena leasaítear Foraithne BM Uimh. 78/2022 ón Aireacht Gnóthaí Baile an 28 Nollaig
maidir le substaintí rialaithe**

- [1] Leagann an Rialtas an-bhéim ar ghníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh i gcoinne scaipeadh drugaí dearthóra chun na fadhbanna sláinte agus sóisialta a eascraíonn as a dtomhailt a íoslaghdú.
- [2] Trí na substaintí nua a chur leis an liosta, tá siad faoi réir an mheasúnaithe dhlíthiúil chéanna le drugaí támhshuanacha: d'fhéadfadh iarmhairtí coiriúla a bheith ag baint lena dtáirgeadh, lena ndáileadh, lena sealbhú nó lena dtomhailt.
- [3] A bhuí leis an mbeart agus leis an dianrialú, is féidir rioscaí don tsláinte phoiblí, lena n-áirítear nochtadh an spriocghrúpa tomhaltóirí, a laghdú.
- [4] Bunaithe ar an údarú a deonaíodh i Roinn 32(5a) den Ghníomh XCV 2005 maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus ar leasú rialacháin eile a bhaineann le táirgí íocshláinte, agus ag gníomhú laistigh de mo dhualgais mar a shainmhínítear i Roinn 66(1)(26) d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 182/2022 an 24 Bealtaine maidir le dualgais agus cumhachtaí chomhaltaí an Rialtais, ordáim leis seo an méid seo a leanas:

- 1. Alt** (1) I bhForaithne BM Uimh. 78/2022 an 28 Nollaig ón Aireacht Gnóthaí Baile maidir le substaintí rialaithe (dá ngairtear anseo feasta: 'an Fhoraithne'), leasaítear larscríbhinn 2 i gcomhréir le hlarscríbhinn 1 a ghabhann leis seo.
- (2) Leasaítear larscríbhinn 3 a ghabhann leis an bhForaithne i gcomhréir le hlarscríbhinn 2 a ghabhann leis seo.
- 2. Alt** Baintear ró 367 den tábla i bpointe 6.1 d'larscríbhinn 3 a ghabhann leis an bhForaithne.
- 3. Alt** Tiocfaidh an Fhoraithne seo i bhfeidhm ar an tríú lá tar éis lá a foilsithe.
- 4. Alt** Tá an ceanglas maidir le fógra roimh ré faoin dréacht-fhoraithne seo, mar a fhoráiltear in Airteagail 5-7 de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise, comhlíonta.

An Dr. Sándor Pintér (m. p.),
An tAire Gnóthaí Baile

1. larscríbhinn a ghabhann le Foraithne BM Uimh. 44/2025 an 4 Samhain ón Aireacht Gnóthaí Baile

Cuirtear an réimse seo a leanas in ionad Réimse A:51 den tábla faoi phointe 1.1 d'larscríbhinn 2 a ghabhann leis an bhForaithne:

	[A]
[1]	[Ainm oifigiúil (ainm Ungáirise)]
[51]	DMAA (1,3-DMAA)

2. *Iarscríbhinn a ghabhann le Foraithe BM Uimh. 44/2025 an 4 Samhain ón Aireacht Gnóthaí Baile*

Cuirtear na rónna 378 go 387 seo a leanas leis an tábla i bpointe 6.1 d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bhForaithe:

	A	B	C	D
1	Ainm oifigiúil (nó ainm eile, giorrúchán nó litriú eile a úsáidtear go coitianta thar lear)	Ainm ceimiceach	An fhoirmle mhóilíneach	Aitheantóir ceimiceach InChIKey]
378	4'-Ph-PVP (4-Ph-alpha-PVP)	1-([1,1'-biphenyl]-4-yl)-2-(pyrrolidin-1-yl)pentan-1-one	C ₂₁ H ₂₅ NO	AWGOLIBTTUDPBS-UHFFFAOYSA-N
379	O-2172	methyl cyclopentyl(3,4-dichlorophenyl)acetate	C ₁₄ H ₁₆ Cl ₂ O ₂	NEHPFNBRZYFWFN-UHFFFAOYSA-N
380	spirochlorphine	8-[1-(4-chlorophenyl)ethyl]-1-phenyl-1,3,8-triazaspiro[4.5]decan-4-one	C ₂₁ H ₂₄ ClN ₃ O	KFEYPBZJPJJRFX-UHFFFAOYSA-N
381	5,6-dichloro desmethylchlorphine	5,6-dichloro-1-{1-[(4-chlorophenyl)methyl]piperidin-4-yl}-1,3-dihydro-2H-benzimidazol-2-one	C ₁₉ H ₁₈ Cl ₃ N ₃ O	LAGUDYUGRSQDKS-UHFFFAOYSA-N
382	methiodone	4-(ethanesulfonyl)-N,N-dimethyl-4,4-diphenylbutan-2-amine	C ₂₀ H ₂₇ NO ₂ S	NLPGJSPLDNDKKZ-UHFFFAOYSA-N
383	HHC-C9	3-nonyl-6a,7,8,9,10,10a-hexahydro-6,6,9-trimethyl-6H-dibenzo[b,d]pyran-1-ol	C ₂₅ H ₄₀ O ₂	IEJDLTWSCOMFKC-UHFFFAOYSA-N
384	rilmazolam	8-chloro-6-(2-chlorophenyl)-N,N-dimethyl-4H-[1,2,4]triazolo[1,5-a][1,4]benzodiazepine-2-carboxamide	C ₁₉ H ₁₅ Cl ₂ N ₅ O	YMJXPUGNWIWFJI-UHFFFAOYSA-N
385	HHCH-O-acetate	3-hexyl-6,6,9-trimethyl-6a,7,8,9,10,10a-hexahydro-6H-dibenzo[b,d]pyran-1-yl acetate	C ₂₄ H ₃₆ O ₃	FRFPIJRMJKJOOI-UHFFFAOYSA-N
386	1'-ethyl-HHC	3-(heptan-3-yl)-6,6,9-trimethyl-6a,7,8,9,10,10a-hexahydro-6H-dibenzo[b,d]pyran-1-ol	C ₂₃ H ₃₆ O ₂	JVRSGUMXFHIUFK-UHFFFAOYSA-N
387	delta-9-THCP-O-butanoate	3-heptyl-6,6,9-trimethyl-6a,7,8,10a-tetrahydro-6H-dibenzo[b,d]pyran-1-yl butanoate	C ₂₇ H ₄₀ O ₃	GKILHIZIJTXLBF-UHFFFAOYSA-N